Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir Feabhra, 2023

FÁILTE/*WELCOME*

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith. Gan dabht, tá sibh ag tnúth leis an deireadh seachtaine fada nua atá againn. Tá súil agam go mbaineann sibh sult as.

I hope this newsletter finds you all well. No doubt, you are all looking forward to the new Bank holiday. I hope you all enjoy it.

Aisling

FOIRGNEAMH / *BUILDING*

Luaigh mé libh cheana go mbeadh athtógáil á dhéanamh ar an bhfoirgneamh in aice linn. Tá an plean sin athruithe anois (agus muid an-sásta faoi). Bhí roinnt mhaith plé againn leis an roinn faoin todhchaí agus na riachtanais a bheidh againn. Dá bharr, tá athrú ar an bplean a bhí acu agus tá siad anois ag leagadh an fhoirgnimh sin agus ag cur síneadh lenár bhfoirgneamh. Beidh 8 seomra ranga agus seomraí acmhainne sa síneadh seo. Ní bheidh an próiseas seo tapaigh, ach tá sé tosaithe agus táimid ar bís faoi.

I mentioned in previous newsletters that the building next door would be refurbished. As you have probably noticed, that work has stopped! This is because the DES have listened to us and are now going to knock the building and extend our current building This will be a long process but it has started and we are delighted. The extension will have 8 new classrooms for the senior classes and resource rooms. We will continue to work with the DES to ensure that the project pushes ahead and will keep you updated on any progress.

AUTISM FRIENDLY SCHOOL

Tá an scoil ag glacadh páirte sa scéim thus agus tá níos mó eolais ar fáil faoi anseo:

https://asiam.ie/training-awards/autism-friendly-schools-programme/

The school is participating in the AsIAm initiative to help us create an autism friendly school. Details on the scheme can be found at the link above.

BAILIÚ AIRGID/*FUNDRAISING*

Táimid fíor-bhuíoch i gcónaí as an tacaíocht leanúnach a thugann tuismitheoirí agus pobal na scoile dúinn. Cuireann an tacaíocht seo go mór leis an scoil agus le hoideachas na bpáistí. Bhailíomar €1,978 leis na cártaí Nollag agus beimid ag cur le fearas leabharlainne leis.

We are always extremely grateful to our parent body and the wider school community for their ongoing support. This support enhances the children's education and has helped the school to be as successful as it is. We raised a fabulous €1,978 with the children's cártaí Nollag and we are buying library furniture with it. .

PUNCÚLACHT / *PUNCTUALITY*

Is oth linn a rá go bhfuil méadú mór ag teacht ar líon na bpáistí ag teacht ar scoil déanach. Iarraimid oraibh ar fad iarracht a dhéanamh a bheith anseo in am gach lá ionas nach gcailleann do pháiste amach ar aon chuid den lá scoile.

Unfortunately, we have noticed a large increase in the number of children coming to school late. We ask that everyone makes a concerted effort to be punctual from now on so that the children don't miss any part of their school day.

CRUINNITHE TUISTÍ/*PARENT TEACHER MEETINGS*

Beidh na cruinnithe tuistí Naíonáin Shóisearacha, Rang Kate, Sara agus Rang Shane ar siúl an mhí seo. Tá na sonraí seolta chugaibh agus bí cinnte gur fhreagair tú an múinteoir ag glacadh leis an am a tugadh duit.

Junior Infant Parent Teacher meetings will be held this month. Kate, Sara and Shane have contacted their classes with details.

FEABHRA NA FOLLÁINE

Tá folláine roghnaithe againn mar fhoireann don FMS agus mar chuid de sin táimid ag ceiliúradh Feabhra na Folláine sa scoil. Beidh téama difriúla gach lá i rith na míosa. Beidh Luan Lúthchleasaíochta againn, Máirt Mhachnamhach, Céadaoin an Chineáltais, Déardaoin Dearfach agus Aoine Aireach. Ar an laethanta sin beidh gníomhaíochtaí bunaithe ar na téamaí ar siúl i ngach rang. Anuas ar sin beidh seachtain folláine againn sa scoil ón 20-24 Feabhra agus beidh gníomhaíochtaí eile ar siúl an tseachtain sin freisin. Míle buíochas le Múinteoir Neasa atá á eagrú.

We have chosen wellbeing as our focus for SSE and as part of that we are celebrating a wellbeing month this month. Every day has a theme (see above) and all classes will have activities based on the themes every day. As well as that, we will have a wellbeing week from the 20th-24th and children will have extra activities and events that week also. Many thanks to Múinteoir Neasa who has organised all this for us.

CUMHDACH LEANAÍ/*CHILD PROTECTION*

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá sé ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie. Is í Aisling an DIA agus Katy an leas DIA.

The Child Safeguarding Statement is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie. Aisling is the DLP and Katy the DDLP.

BRISEADH MEÁN TÉARMA/*MIDTERM BREAK*

Beidh an scoil ag dúnadh ar an gCéadaoin 15 Feabhra ag 1.10 agus 2.10 don bhriseadh meán téarma. Osclóimid arís ar an Luan 20 Feabhra ag 8.30rn.

The school will close at the normal finishing time of 1.10pm and 2.10pm for our midterm break on Wednesday, 15th February. We will reopen again on Monday, 20th February at 8.30am.

TINNEAS / *ILLNESS*

Iarrfaimid go láidir oraibh ar fad **gan** páistí a chur ar scoil mura bhfuil siad ar fónamh. Táimid ag cur an-chuid glaoch abhaile faoi pháistí tinn le déanaí agus bíonn drogall orainn é sin a dhéanamh. Anuas ar sin tá an t-uafás páistí ag casacht go dona ar scoil, rud nach bhfuil idéalach dar ndóigh!

We are asking you to please keep your child as home if he / she is unwell. We are ringing an increasing number of parents to come to collect children from school who are sick. We are always reluctant to do this but are not doctors so cannot take the risk not listening to them. There is also a noted increase in the number of children with chesty coughs in school, obviously not an ideal situation!

POLASAÍ IONTRÁLA CHOLÁSITE EOIN / *ENROLMENT POLICY*

Fuaireamar an dea-scéala go bhfuilimid anois ainmnithe ar pholasaí iontrála Choláiste Eoin. Táimid i mbun cainte le Coláiste Íosagáin freisin ag súil go mbeimid ainmnithe ar an bpolasaí sin freisin.

http://eoin.eoiniosagain.ie/Content/2023/2/sf72-Polasai_Iontrala_Cholaiste_Eoin.pdf

We received the great news that we are now named in Coláiste Eoin's enrolment policy. We are in discussions with Coláiste Íosagáin in the hope that we will be named in their policy also.